4. An bhfuil freagra éagsúil ar na ceisteanna seo romhainn faoi III éagsúil má léiríonn an t-iarratasóir nach mbeidh gearán chuig na húdaráis agus/nó dul i muinín leigheasanna dlí sa Bhallstáit freagrach indéanta agus/nó nach mbeidh éifeacht acu sin?

(1) Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (IO 2013 L 180, lch. 31).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Nejvyšší soud České republiky a taisceadh an 15 Meitheamh 2022 – EXTÉRIA, s.r.o. v Spravíme, s. r. o.**

**(Cás C-393/22)**

(2022/C 359/36)

*Teanga an cháis: an tSeicis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Nejvyšší soud České republiky

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir*: EXTÉRIA, s.r.o.

*Cosantóir:* Spravíme, s. r. o.

**An cheist a tharchuirtear**

An gcaithfear Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh 1215/2012 (1) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 12 Nollaig 2012, maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála a léirmhíniú sa chaoi go gcumhdaíonn coincheap "conradh soláthair seirbhíse" réamhchonradh (pactum de contrahendo) freisin ina bhfuil na páirtithe tar éis comhaontú a dhéanamh conradh a dhéanamh amach anseo, a bheadh ina chonradh soláthair seirbhíse de réir bhrí na forála sin?

(1) IO 2012 L 351, lch. 1.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón het hof van beroep te Antwerpen (an Bheilg) a taisceadh an 15 Meitheamh 2022 – Oilchart International NV v O.W. Bunker (an Ísiltír) BV, ING Bank NV**

**(Cás C-394/22)**

(2022/C 359/37)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Hof van beroep te Antwerpen

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Oilchart International NV

*Cosantóirí:* O.W. Bunker (an Ísiltír) BV, ING Bank NV

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) An gcaithfear Airteagal 1(2)(b) de Bhruiséil Ia [Rialachán Uimh.] 1215/2012 ([1]) arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3.1. den Rialachán Dócmhainneachta [Rialachán Uimh.] 1346/2000 ([2]), a léiriú sa chiall go n-áirítear sa téarma "féimheacht, imeachtaí a bhaineann le socrú creidiúnaithe agus imeachtaí eile dá samhail" in Airteagal 1(2)(b) de Bhruiséil Ia [Rialachán Uimh.] 1215/2012 imeachtaí ina bhfuil cur síos ar an éileamh san eascaire toghairme mar éileamh tráchtála amháin, gan aon tagairt don fhíric gur dearbhaíodh an cosantóir a bheith féimheach cheana féin? Áirítear le Rialachán Uimh. […] 1215/2012 freisin nós imeachta ina gcuirtear síos ar an éileamh sa toghairm ar éileamh tráchtála amháin, gan trácht ar fhéimheacht an chosantóra a bhí ann cheana, ach tá bunús dlí iarbhír an éilimh sin bunaithe ar fhorálacha sonracha dhlí féimheachta na hÍsiltíre a bhaineann le maolú (Airteagal 25.2 d'Acht na hÍsiltíre an 30 Meán Fómhair 1893 maidir le féimheacht agus íocaíochtaí a fhionraí ("NFW") agus dá réir:

— nach mór a chinneadh ar cheart éileamh den sórt sin a mheas mar éileamh infhíoraithe (Airteagal 26 NFW i gcomhar le hAirteagal 110 de) nó éileamh do-fhíoraithe (Airteagal 25.2 NFW),

— dealraíonn sé go bhféadfar a chinneadh an cheist cibé an féidir an dá éileamh a dhéanamh go comhuaineach agus cibé nach n-eisiann éileamh amháin an ceann eile, de réir dealraimh, ag cur san áireamh na hiarmhairtí dlíthiúla sonracha a bhaineann le gach ceann de na héilimh sin (*inter alia*, maidir le féidearthacht ráthaíocht bhainc a ghlaoch tar éis na féimheachta), de réir na rialacha a bhaineann go sonrach le dlí féimheachta na hÍsiltíre?

Agus thairis sin

2) An féidir a mheas go bhfuil forálacha Airteagal 25.2 NFW an 30 Meán Fómhair 1893, maidir le féimheacht agus fionraí íocaíochtaí, ag luí le hAirteagal 3.1 de Rialachán Dócmhainneachta 1346/2000, a mhéid a cheadódh an fhoráil reachtach sin éileamh den sórt sin (Airteagal 25.2 NFW) a thabhairt os comhair cúirte Ballstáit eile seachas os comhair chúirt dócmhainneachta an Bhallstáit inar dearbhaíodh an fhéimheacht?

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO 2012, L 351, lch. 1).

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1346/2000 ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir le himeachtaí dócmhainneachta (IO 2000, L 160, lch. 1).

## Iarraidh ar réamhrialú ón Administrativen sad Varna (an Bhulgáir) a taisceadh an 14 Meitheamh 2022 – "Trade Express-L" OOD v Zamestnik-predsedatel na Darzhavna agentsia "Darzhaven rezerv i voennovremenni zapasi"

**(Cás C-395/22)**

(2022/C 359/38)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Administrativen sad Varna

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* "Trade Express-L" OOD

*Cosantóir:* Zamestnik-predsedatel na Darzhavna agentsia "Darzhaven rezerv i voennovremenni zapasi"

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear aithris 33, Airteagail 1, 3, 8 agus 2(i) agus (j) de Threoir 2009/119/CE ([1]) ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2009 lena bhforchuirtear oibleagáid ar na Ballstáit stoic íosta amhola agus/nó táirgí peitriliam a choimeád, ag cur chuspóir na Treorach sin agus Airteagal 2(d) de Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ([2]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008 maidir le staidreamh i dtaca le fuinneamh san áireamh, agus i bhfianaise phrionsabal na comhréireachta faoi Airteagal 52(1), i gcomhar le hAirteagal 17, den Chairt um Chearta Bunúsacha an